RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/527 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Aibreán 2022

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair "ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash"

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 11 Nollaig 2018, chuir Procter & Gamble Services Company NV iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht") i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir le táirge bithicídeach aonair ar a dtugtar "ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash" de chineál táirge 2 a údarú, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, lena soláthraítear daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Beilge meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Taifeadadh an t-iarratas faoi chás-uimhir BC-ER045796-14 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Tá clóirín gníomhach a scaoileadh as hipeaclóiríd sóidiam mar shubstaint ghníomhach in "ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash", agus tá an tsubstaint sin ar liosta an Aontais de na substaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(3) An 25 Samhain 2020, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta.

(4) An 5 Iúil 2021, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ([2]) faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon leis an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh ("SPC") atá ag "ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash" agus an tuarascáil mheasúnaithe deiridh ar an táirge bithicídeach aonair i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) Is é conclúid na tuairime gur táirge bithicídeach é "ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash" de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (r), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe d'údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh an dréacht-SPC, go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) den Rialachán sin.

(6) An 30 Iúil 2021, sheol an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh "ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash".

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Tuairim ECHA an 16 Meitheamh 2021 maidir le húdarú an Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh "Ariel chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash" (ECHA/BPC/282/2021). https://echa.europa.eu/it/opinions-on-union-authorisation.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0026814-0000 aige do Procter & Gamble Services Company NV chun an táirge bithicídeach aonair "ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash" a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar thréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 24 Aibreán 2022 go dtí an 31 Márta 2032.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

ARIEL Chlorine Professional System 5 Chlorine Bleach for white wash

Cineál táirge 2 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

Uimhir an údaraithe: EU-0026814-0000

Uimhir shócmhainne R4BP: EU-0026814-0000

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Trádainm/trádainmneacha an táirge**

Trádainm/trádainmneacha	ARIEL Chlorine Professional System 5 Chlorine Bleach for white wash

1.2. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Procter & Gamble Services Company NV
	Seoladh	Temselaan 100, 1853 An Bhruiséil, An Bheilg
Uimhir an údaraithe	EU-0026814-0000	
Uimhir shócmhainne R4BP	EU-0026814-0000	
Dáta an údaraithe	24 Aibreán 2022	
Dáta éaga an údaraithe	31 Márta 2032	

1.3. **Déantóir/déantóirí an táirge**

Ainm an déantóra	Sutter Industries S.p.A
Seoladh an déantóra	Località Leigozze 1, Borghetto, 15060 Borbera An Iodáil
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Località Leigozze 1, Borghetto, 15060 Borbera An Iodáil

1.4. **Déantóir/déantóirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Active chlorine released from sodium hypochlorite
Ainm an déantóra	ALTAIR CHIMICA S.p.A.
Seoladh an déantóra	Via Moie Vecchie n.13, 56048 Saline di Volterra (PI) An Iodáil
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Via Moie Vecchie n.13, 56048 Saline di Volterra (PI) An Iodáil

2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Active chlorine released from sodium hypochlorite		Substaint Ghníom-hach			9,05
Hipeaclóirít sóidiam	Hipeaclóirít sóidiam	Substaint neamhgh-níomhach	7681-52-9	231-668-3	9,5

2.2. **Cineál foirmlithe**

SL - Tiúchan intuaslagtha

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM**

Ráitis ghuaise	Scaoileann teagmháil le haigéid gás tocsaineach. D'fhéadfadh a bheith creimneach do mhiotail. Ina chúis le dónna troma craicinn agus damáiste don tsúil. An-tocsaineach don saol uisceach le héifeachtaí buana.
Ráitis réamhchúraim	Coimeád i bpacáistiú bunaidh amháin. Ná hanálaigh gala. Nigh lámha go maith tar éis láimhsiú. Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. Caith lámhainní cosanta. Caith súilchosaint. Caith éadaí cosanta. Glaoigh láithreach ar ionad nimhe nó ar dhochtúir. MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh do bhéal. NÁ spreag urlacan. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN (nó gruaig): Bain na héadaí éillithe go léir láithreach. Sruthlaigh an craiceann le uisce. MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Nigh éadaí éillithe roimh athúsáid. Ionsúigh doirteadh chun damáiste ábhartha a chosc. Bailigh doirteadh. Stóráil faoi ghlas. Diúscair ábhar chuig i gcomhréir le rialacháin áitiúla. Diúscair coimeádán chuig i gcomhréir le rialacháin áitiúla.

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1. Úsáid # 1 — Dífhabhtú níocháin (níochán meaisín) sa chéim sruthluithe iar-níocháin

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach/spriocorgánaigh (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: sonraí ar bith Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: sonraí ar bith Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse/réimsí úsáide	Faoi dhíon I meaisíní gairmiúla níocháin (amhail meaisíní níocháin i mbialanna, óstáin, áiseanna nach mbaineann le cúram sláinte) trí chláir dhúnta maidir le cláir dháilte uathoibríocha: Dífhabhtú línéadaigh tar éis glanta. Ní féidir an táirge seo ach a úsáid ach amháin le trealamh gairmiúil uathoibríoch dáilte de chuid Procter & Gamble. Níl an táirge seo údaraithe do dháileoga a thabhairt de láimh.
Modh/modhanna úsáide	Airí modha: Córas iata Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: -
Ráta/rátaí agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 10,0 mL/L Airí caolaithe: Airí uainithe: Cuirtear an táirge leis uair amháin trí dháileog uathoibríoch a thabhairt, do dhífhabhtú níocháin ghlain: tar éis na céime níocháin/glanta seachadta trí úsáid Ariel S1 Actilift detergent (ainm tráchtála de Ariel System S1), draenáiltear/baintear amach an t-uisce. Tar éis céim athlíonta le huisce úr, cuirtear an táirge leis don phríomhníochán/don chéad fholcadh sruthlaithe. Tá an táirge éifeachtúil ar earraí glana nuair a úsáidtear é ag 10 mL/L é le linn 15 nóiméad teagmhála ag + 40 °C (cóimheas licéir = 1:5; le lasta ballasta 4 kg)
Catagóir/catagóirí úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	ceanastar HDPE 10 L-20 L le hanla múnlaithe agus glas sábháilteachta & caipín eochrach. Deimhnithe ag na Náisiúin Aontaithe d'Earraí contúirteacha.

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE [1]

5.1. Treoracha úsáide

Tá ARIEL Chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash ina tháirge bithicídeach agus tá sé ceaptha le húsáid le linn an phríomhníocháin amháin, tar éis an réamhníocháin le trealamh dáilte Procter & Gamble Professional do dhífhabhtú níocháin ghlain:

— Glantachán Céim 1 le Ariel System S1 (is fhéidir tagair dó mar réamhníocháin nó príomhníocháin) ag 40 °C ar feadh 10 min: Déantar an t-uisce níocháin a thriomú agus a bhaint amach, agus athlíontar é le huisce úr roimh chéim 2;

— Dífhabhtú Céim 2: is fhéidir tagair dó mar phríomhníocháin (más réamhníochán í an chéad chéim) nó mar chéad folcadh sruthlaithe (más príomhníochán é an chéad chéim). Déantar an dara céim ina bhfuil ARIEL Chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash i gcónaí ag 40 °C ar feadh 15 nóiméad. Leantar é seo le aon nó dhá chéim sruthlaithe agus draenála agus ar deireadh le baineadh amach trí chasadh.

5.2. Bearta maolaithe riosca

Le linn an táirge a láimhseáil agus le linn cothabháil meaisíní (deisiú córais dáilte bhriste):

— Caith lámhainní cosanta atá díonach ar cheimiceáin (EN374).

— Caith cosaint súl (EN166)

— Caith forchóta cosanta (le sonrú ag sealbhóir údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge).

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Má shlogtar::	Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.
I gcás teagmhála leis an gcraiceann:	Nigh láithreach le neart uisce. Bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad roimh iad a athúsáid. Nigh le gallúnach agus le huisce agus lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.
I gcás teagmhála leis na súile::	Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao láithreach ar 112/otharcharr le cúnamh leighis a fháil.
Má ionanálaítear::	Tabhair amach faoin aer agus coimeád socair i suíomh atá compordach d'análú. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Maidir le srianadh:

— Scúpáil substaint ionsúite isteach i gcoimeádáin dhúnta. Ná húsáid coimeádáin mhiotail.

Modhanna chun glanadh:

— Cainníochtaí beaga de dhoirteadh leachtach: tóg suas in ábhar ionsúiteach neamh-indóite agus sluaisteáil isteach i gcoimeádán lena dhiúscairt. Doirteadh mór: coinnigh substaint a scaoiltear, caidéalaigh í i gcoimeádáin oiriúnacha. Ná húsáid coimeádáin mhiotail.

[1] Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe.

Diúscairt:

— Ní mór an t-ábhar seo agus a choimeádán a dhiúscairt ar bhealach sábháilte i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla/réigiúnacha/náisiúnta.

— Ná sceith táirge nach n-úsáidtear ar an talamh, isteach i sruthchúrsaí, isteach i bpíopaí (doirteal, leithris etc.) ná síos sna draein.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Coinníollacha stórála

— Coimeád sa bhun-choimeádán.

Ábhair neamh-chomhoiriúnacha

— Miotail, aigéid. Imoibríonn sé le (roinnt) aigéid: scaoileadh gás/gala tocsaineach/tocsaineacha nó ardtocsaineach/ardtocsaineacha (clóirín). D'fhéadfadh sé a bheith creimneach do mhiotail.

Toirmisc ar stóráil mheasctha

— Coinnigh sa bhun-choimeádán amháin in áit fionnuar, aeráilte go maith amach ó aigéid (láidre).

Limistéar stórála

— Stóráil i limistéar fionnuar. Stóráil in áit thirim.

— Ná stóráil ag teocht os cionn 30 °C.

— Cosnaítear ón tsioc é.

— Coinnigh amach ó sholas díreach na gréine.

— Seilfré: 12 mhí

6. **FAISNÉIS EILE**